Fianaise ó Dénes András Nagy
Eagraí, an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh *Minority Safepack*

Cad iad na príomhcheachtanna a foghlaimíodh, mar sin, maidir lenár dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh? Roghnóidh mé trí cinn.

Uimhir a haon: bí cinnte de go bhfuil i bhfad níos mó ná milliún síniú agat! Le linn an fheachtais le haghaidh *Minority Safepack*, d'éirigh linne níos mó ná 1.3 milliún síniú a bhailiú. Tabhair é seo do d'aire, áfach: nuair a bheidh an feachtas críochnaithe agat ní mór duit na sínithe a chur faoi bhráid na n-údarás náisiúnta i ngach Ballstát chun iad a fhíorú. Tá seans ann go measfaí go bhfuil cuid de na sínithe a bhailigh tú neamhbhailí: d'fhéadfadh sé nár scríobh duine éigin a ainm i gceart nó gur fhág sé ceann de na huimhreacha ar a phas ar lár, agus mar thoradh air sin nach ndéanfaí a shíniú a dheimhniú. Ar deireadh, mar sin, níor deimhníodh ach 1,128,385 shíniú as na 1.3 milliún a bhailíomar. Is léir duit, mar sin, gur chailleamar a lán sínithe. Dá bhrí sin, níor cheart duit stopadh! Tar éis duit milliún síniú a bhailiú, lean ort, lean de ráitis tacaíochta a bhailiú!

Baineann an dara ceacht a foghlaimíodh leis na tairseacha sna Ballstáit. Bailigh sínithe i mbreis agus seacht mBallstát den Aontas! Is é seo an fáth: má chuimhníonn tú ar an Ostair, áit a raibh ag éirí go han-mhaith linn san fheachtas, níor éirigh linn an tairseach a bhaint amach cé go rabhamar ag súil leis go ndéanfaimis amhlaidh. Agus baineann an chúis atá leis sin le gnáthshaol an duine: ina saol laethúil san Ostair ní iompraíonn daoine thart leo an doiciméad atá ag teastáil chun tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a shíniú, agus dá bhrí sin is iomaí duine a tháinig chugainn agus a dúirt gur mhaith leis síniú ach gur fhág sé an doiciméad sa bhaile: níor fhilleadar ina dhiaidh sin, faraor.
Níor cheart, mar sin, gan ach seacht mBallstát den Aontas a bheith mar fhócas agat, ach bí cinnte
díriú ar níos mó Ballstát ná sin! Sa tslí sin beidh Ballstáit eile ann ina mbeidh an deis agat an tairseach a bhaint amach mura n-éiríonn leat, ar chúis ar bith le linn an fheachtais, í a bhaint amach i gceann de na Ballstáit ina raibh tú go mór ag súil leis go n-éireodh leat. Agus is é sin a rinneamar féin: mar sin, d'éirigh linn an tairseach a bhaint amach i 11 Bhallstát ar deireadh. Nuair a bhaineann tú méid na tairsí amach, áfach, ná stop! Tabharfaidh mé sampla duit: 5,640 síniú an tairseach sa tSlóivéin, agus d'éirigh linn an méid sin a bhailiú. Ní mór duit na sínithe a chur faoi bhráid údaráis inniúla na mBallstát, áfach, chun iad a fhíorú; má stopann tú go díreach glan ag an tairseach, mar sin, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis go dteipfeadh ar do thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, óir d'fhéadfá cúpla síniú a chailleadh tar éis an fhíoraithe. Chun é sin a sheachaint, bí cinnte go rachaidh tú i bhfad os cionn mhéid na tairsí agus go mbaileoidh tú sínithe i mbreis agus seacht mBallstát den Aontas.

Is é an t-ilteangachas an tríú ceacht a d'fhoghlaimíomar le linn an fheachtais. Tá 24 theanga oifigiúla san Aontas Eorpach agus, thairis sin, tá 60 teanga réigiúnach nó mionlaigh atá á labhairt ag 50 milliún saoránach de chuid Bhallstáit an Aontais. Ba cheart, mar sin, leas a bhaint as an oidhreacht shaibhir teanga sin atá againn laistigh den Aontas Eorpach. Is é seo a leanas a ndearnamar le linn an fheachtais: dhíríomar ar dhaoine agus sinn ag baint úsáide as a dteanga féin agus chonaiceamar go ndeachaigh sin i bhfeidhm orthu: is Ungárach mise, mar shampla, agus chonaic mé fógra ar Facebook san Ungáiris, nó duine a labhraíonn

Laidinis, teanga nach labhraíonn ach pobal de 41,000 míle duine í, dá bhfeicfeadh sé postáil ar Twitter san Laidinis seachas san Iodáilis amháin; téann a leithéid sin i bhfeidhm ar dhuine go mór. I gcóras nua an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, mar sin, bíonn an deis agat teachtaireachtaí a sheoladh i dteangacha réigiúnacha. Bain úsáid as an ngné sin: ba bhreá liomsa dá mbeadh sin ag ár bhfoireann le linn an fheachtais. Faraor, nuair a bhíomar féin á dhéanamh bhí orainn é a dhéanamh ar an sean-bhealach, agus dá bhrí sin chnuasaíomar leanúnaithe ar ár gcuntais ar na meáin shóisialta, agus anseo arís: bain úsáid as an bhfíric sin, go n-úsáideann daoine i mBallstáit dhifriúla ardáin dhifriúla. D'fhéadfadh tóir a bheith ar Twitter i mBallstát amháin, ar Facebook i gceann eile, agus seans gurbh é Instagram an uirlis cheart le húsáid i mBallstát ar leith eile. Coinnigh é sin ar d'intinn i gcónaí agus labhair a dteanga féin le do lucht féachana. Mar sin: bain úsáid as a dteanga, scríobh chucu de réir mar a cheapann tú go rachadh an teachtaireacht sin i bhfeidhm orthu ar bhealach dearfach agus déan iarracht i gcónaí a chinntiú go labhraíonn tú le daoine, go dtugann tú an deis dóibh a bheith páirteach! Dá mba rud é go raibh Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh againn le linn an fheachtais, bheadh sé tar éis cabhrú go mór linn; bheimis in ann an méid seo ar fad a dhéanamh - cabhair a iarraidh ar dhaoine, iarraidh orthu téacsanna áirithe a aistriú go dtí a dteanga féin, nó tacaíocht a iarraidh orthu, bíodh sin i bhfoirm tacaíochta dlíthiúil nó mar smaointe maidir le conas a chinntiú go n-éireodh linn i mBallstáit áirithe. Is cinnte go mbeadh sé ina chabhair dá mba rud é go raibh an Fóram sin againn. Mar sin, táim an-sásta go bhfuil sé againn anois, agus ba bhreá liom bhur dtionscnamh a phlé libhse ann, i bhFóram nua na dTionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, fóram de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.